

Gaelscoil Chill Mhantáin Beartas Coimeád Taifead

Réamhrá:

Dréachtaigh an Bord Bainistíochta, an Príomhoide, foireann na scoile agus ionadaithe Coiste na dtuismitheoirí an bheartas seo chun:

- Na saghasanna taifead a coiméadfar sa scoil a dheimhniú.
- Aidhm gach thaifead a coiméadtar sa scoil a dheimhniú.
- Príobháideachas úsáid na taifead a chinntiú.
- A chinntiú go bhfuil structúirí cheart ann chun ligint do thuismitheoirí (nó iardhaltaí atá thar an aois 18) breathnú ar na tuairiscí agus taifead a bhaineann le dul chun cinn a bpáistí féin.

Réasúnacht an bheartais:

Déanann an Gaelscoil iarracht a chur ar chumas gach dalta a phóiteinseál a shroichint i dtimpeallacht oideachasiúil aireach, áit a bhfuil luach ar bhuanna gach pháiste. Is fearr a bhéas na hoibre seo má tá sé déanta le hardchaidheán comhoibriú agus oscailt idir fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí.

Bhraith an scoil go raibh sé ceart an bheartais seo a dhreachtú ag an am seo toisc:

- go gcuireann riachtanais foghlama na bpáistí in iúil don mhúinteoireacht agus is é thaifeada an áit a bhfuil foghlam dalta bunchloch múinteoireacht maith.
- Soláthraíonn an Acht Oideachais Rannóg 9(g) go bhfuil tuismitheoirí (nó daltaí thar 18) i dteideal breathnú ar thaifead, i leith dul chun cinn an dalta ina chuid oideachais, atá coiméadtha ag an scoil (go dtí aois 21).
- Ta tionchar ag tinreamh an dalta ar scoil le dul chun cinn an dalta ar scoil.
- Chuireann an tAcht Leasa Oideachais dhualgas ar phríomhoidí:

- 1) Aon fhadhb freastala nó aon eolas eile ábharach d'oideachais an pháiste a chur in iúil do scoil eile a bhfuil an páiste sin ag malartú chuig.
- 2) Cúntas a choiméad ar fhreastal scoile an páiste agus fáthanna aon asláithreachtaí.
- 3) A chur in iúil don Oifigeach Leasa Oideachais i scríbhinn, má chaill aon dalta breis is 20 lá scoile in aon bhliain amháin nó má cuireadh ar fhionraí iad ar feadh 6 lá nó níos mó, nó má tá sé de thuairim ag an bpríomhoide nach bhfuil an dalta ag freastal go rialta ar scoil
- 4) Go deimhnítear na strúctúirí atá sa scoil ionas go gcinntear go n-aontaíonn sé le sprid an dlí, m.sh freagracht agus trédhearcacht.

Aidhmeanna an Bheartais:

- Taifead a choiméad ar dul chun cinn oideachasiúil na daltaí chun cabhrú le múinteoirí agus tuismitheoirí tacú le foghlaim an dalta.
- Chun tuairiscí a thabhairt do thuismitheoirí ar dul chun cinn oideachasiúil na daltaí.
- Chun nósanna imeachta soiléir a bhunú ionas go mbeidh tuismitheoirí (nó iardhaltaí thar aois 18) in ann fáil a bheith acu ar thuairiscí oideachasiúil maidir le dul chun cinn an dalta.
- A chinntiú go bhfuil sé ar chumas na scoile é seo a chur ar fáil.
- Chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann bainistíochta, an fhoireann múinteoireachta agus tuismitheoirí soiléir ar na saghasanna taifead a choiméadtar sa scoil agus conas a chuirtear na taifead seo ar fáil.
- Chun a chinntiú go gcloíeann an scoil lena dhualgaisí dlí fhad is atá sé ag fanacht ar threoracha i leith an “slí cheart” lena dhéantar tagairt de i rannóg 9(g) den Acht.
- Chun a chinntiú, go gcloíeann an scoil lena dhualgaisí dlí agus le prionsabail an deachleachtas.

Saghasanna Taifead Coiméadtha sa Scoil:

Tuigtear don scoil go mbeidh na cáipéisí seo a leanas mar chuid de na taifead a choiméadfar sa scoil:

- Tuairiscí bliantiúil- tuairiscí scríofa go bliantiúil ar dhul chun cinn gach dalta sa scoil i ngach ábhar.
- Scrúdaithe caighdeánach: Torthaí scrúdaithe Micra-T (Béarla), Sigma T (Matamaitice) agus Drom Chonrach (Gaeilge).
- Tuairiscí Tinreamh- Tuairiscí tinreamh ar an rolla, notaí ó thuismitheoirí agus chuig an mBord Leasa Oideachais.
- Tástálacha Siceolaíochta.

- Tuairiscí le haghaidh tacaíochta foghlama, múinteoireacht acmhainne agus ar uile.
- P.O.A./P.T.O
- Tuairiscí ar iompair an pháiste
- Tuairiscí ar thimpistí an dalta.
- Tuairiscí tinneas/leigheas ó thuismitheoirí
- Cód smachta sínithe ag thuismitheoirí
- Foirmeacha clárúcháin agus cóipeanna teastais breithe
- Eolas ar mhalartú paistí ó scoileanna eile agus go dtí scoileanna eile (Pas)

Treorlínte ar fáil ar thaiféad:

Ta na treorlínte seo ar mhaithe le cosaint eolas leochailleadh daltaí na scoile agus nach mbeidh teacht ar ach ag na daoine ar chóir.

Lorgóidh an scoil cead scríofa thuismitheora chun go mbeidh teacht ar thuairiscí a bpáistí ag na daoine ar cheart. Le haghaidh ócáidí speisialta mar shampla daoine ón mBord Sláinte ag lorg fáil ar na tuairiscí, iarraidh an scoil le haghaidh cead faoi leith, óna thuismitheoirí, na tuairiscí a thaispeaint. Beidh múinteoirí, thuismitheoirí/caomhnóirí, iardhaltaí a bhfuil thar 18, Oifig Leasa Oideachais, baill an Bhord Sláinte, Siceolaí Oideachaisiúil, Eagraitheoirí Riachtanais Speisialta, Scoileanna Dara Léibhéal agus bunscoileanna eile i measc na daoine/eagraíochtaí ceart ar chóir teacht a bheith acu ar na taiféad nuair is cuí. Beidh iarrataisí' féachaint ar thaiféad' déanta i scríbhinn. Lorgófar iarrataisí ó gníomhaíochtaí faoi leith roimh réidh. Lorgófar cead an thuismitheora/caomhnóra ansin na tuairiscí a thaispeaint do na heagraíochtaí sin. Coinneoidh an scoil an t-eolas go dtí go sroicheann an pháiste aois 21.

Cuirtear scrúdaithe caighdeánach ar na daltaí ó rng 1 go rng 6 sa Ghaeilge, Béarla, Matamaitic (rang a dó ar aghaidh sa Ghaeilge). Coiméadtar torthaí na scrúdaithe seo faoi ghlas i gcód caibinéad agus cuirtear ar fáil iad do thuismitheoirí gur mian leo iad a fheiceáil. Baineann an scoil úsáid as an Tuairisc Scoile i bhfoirm leabhrán ó na naíonáin shóisearacha suas go dtí rang a 6. Cuirtear abhaile na tuairiscí seachtain roimh deireadh na bliana nó seoltar tuairiscí sa phost (le haghaidh páistí atá as láthair). Coiméadtar tuairiscí agus taiféad faoi ghlas i gcabinéid san oifig, oifig an phríomhoide agus sa seomra tacaíochta foghlama. Cuirtear na seomraí seo faoi ghlas gach tráthnóna. Coiméadtar srian ar theacht ar na tuairiscí agus taiféadaí agus ní thugfar iad ach do na daoine is caoi.

Ní thabharfar tuairiscí agus taiféad don dá thuismitheoir, sa chás go bhfuil na thuismitheoirí sin scartha óna chéile, ach amháin má iarrann an dá thuismitheoir dóibh. Coiméadtar cóipeanna sa scoil d'aon thuairisc, taiféad a sheoltar chuig scoileanna eile. Lorgófar cead an thuismitheora ar dtús sula dtaispeántar aon thuairisc siceolaíochta do scoil eile a bhfuil an dalta ag aistriú chuig. Coiméadtar tuairiscí agus taiféad ar dhaltaí na scoile do dtí aois fásta an dalta sin de réir Reacht na dTréimhsí 1957 – 2000 (go dtí aois 21).

Beidh teacht ar thaiféad fostaithe na scoile cosúil le conradh, pá bhíllí, sonraithe PRSI, litreacha molta, iarratais poist/CV's, teastais tinneas, agus dualgaisí postanna freagrach, ag an bpríomhoide agus an Bord Bainistíochta agus múinteoirí caoi. Beidh freagracht ar an bpríomhoide na taiféad a coiméad suas chun dáta nó iad a scoiseadh nuair is gá. (Moltar suas go 7 mbliana).

Athbhreithniú:

Cruthaithe	
Athbhreithniú déanta	Deireadh Fómhair 2014
Athbhreithniú le déanamh	Deireadh Fómhair 2016

Rinneadh athbhreithniú ar an pblasaí seo ag:

- 1 Foireanna Teagaisc Gaelscoil Chill Mhantáin
- 2 Cumann na dTuismitheoirí
- 3 An Bord Bainistíochta

Dáta:

